Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2026
(OR. en)

15716/26
ADD 6

Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0196 (BUD)

FIN 1599

NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Téacs comhpháirteach maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2027 • *Ráiteas*

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, ráiteas comhpháirteach ón Ísiltír, ón Ostair agus ón tSualainn.

IARSCRÍBHINN

Ráiteas ón Ísiltír, ón Ostair agus ón tSualainn maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh 2027

Ba cheart buiséad an Aontais a bheith bunaithe ar phrionsabail bhuiséadacha fhónta, corrlaigh leordhóthanacha a choinneáil agus ionstraimí speisialta a choimirciú le haghaidh imthosca gan choinne.

Leis an gcomhaontú maidir le buiséad 2027, laghdaítear go mór na corrlaigh atá ar fáil, le hath-leithdháiltí teoranta, agus méadaítear ag an am céanna ar spleáchas ar ionstraimí speisialta. Cé gur díol sásaimh dó maoiniú an róchaiteachais ar chostais úis Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh i gcomhréir leis an gcomhaontú ón gComhairle Eorpach, is iarraidh nach gá é an ráiteas maidir leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin a úsáid chun dul níos faide fós i ndáil leis sin.

Áirítear sa chomhaontú freisin méaduithe suntasacha ar an gcaiteachas riaracháin chomh maith le méaduithe ar leibhéil foirne.

Is é ár dtuairim nach féidir le buiséad an Aontais neamhaird a thabhairt ar an gcomhthéacs ginearálta, ina bhfuil bearta suntasacha comhdhlúthaithe i ndán d'fhormhór na mbuiséad náisiúnta. Is oth linn a chur in iúl, dá bhrí sin, go gcreidimid go sáraíonn an comhaontú maidir le buiséad an Aontais do 2027 prionsabal an bhuiséadaithe stuama.